

An Garda Síochána



Foirm Iarrata ar Rochtain ag Ábhar

Iarraidh ar Rochtain ar Shonraí Pearsanta faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí 2018 (an AE) agus an Reachtaíocht Náisiúnta um Chosaint Sonraí.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

1. **Caithfidh an t-iarratasóir iarraidh i scríbhinn a dhéanamh agus a shíniú.**
2. **Caithfidh foirm inghlactha de Chruthúnas aitheantais gabháil leis an bhfoirm Iarrata ar Rochtain ag Ábhar seo.**
3. **Níor cheart a mheas gurb ionann nochtadh sonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, Deimhniú Póilíní, Tagairt an Gharda Síochána nó Imréiteach Slándála.**
4. **Laistigh de théarmaí an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí, freagróidh an Garda Síochána ar d'iarraidh ar shonraí pearsanta laistigh de mhí amháin. Faoi roinnt cúinsí ina mbíonn iarrataí casta nó iomadúla, féadtar síneadh dhá mhí bhreise a chur leis an tréimhse seo.**
5. **Sa chás gur soiléir go bhfuil iarraidh gan bhunús nó go bhfuil sé iomarcach, de chineál atriallach nó sa chás go lorgáitear breis agus cóip amháin, féadtar táille a ghearradh.**
6. **Tá Ráiteas Príobháideachais an Gharda Síochána leagtha amach ag bun seo.**
7. **Má tá an t-iarratas a dhéanamh trí aturnae, teastaíonn foirm shínithe a thoilíonn scaoileadh sonraí le haturnae.**
8. **Teastaíonn a gcáipéisí aitheantais ó iarrataí a dhéanann tuismitheoir/caomhnóir tríú páirtí.**

Comhlánaigh gach cuid, le do thoil.

Cuid 1 – Sonraí faoin Ábhar Sonraí (an duine a bhfuil an iarraidh á déanamh acu)

Sonraí Teagmhála (i mbloclitreacha):

Ainm Iomlán:

Ainm(neacha roimhe seo nó eile (más infheidhme):

Seoladh Reatha:

Seoladh/Seoltaí Roimhe Seo:

Uimhir Ghutháin Teagmhála:

Dáta Breithe: __/__/__

Cuid 2 – Sonraí faoin Iarraidh

Tabhair cuntas, le do thoil, ar na sonraí a lorgáítear.

Chun cabhrú linn na sonraí a aimsiú a iarrtar, tabhair le fios, le do thoil, an láthair laistigh den Gharda Síochána a chreideann tú ina bhféadfaidh do shonraí pearsanta a bheith á gcoimeád.

Tabhair le fios, le do thoil, an tréimhse ama dá bhfuil na sonraí á lorg.

Tabhair aon uimhreacha tagartha roimhe seo, le do thoil, a bhaineann leis an teagmháil a rinne tú leis an nGarda Síochána.

Cuid 3 - Fíorú Aitheantais

Chun gur féidir linn d'aitheantas a fhíorú, tabhair an fhaisnéis seo a leanas, le do thoil.

Cóip d'Aitheantas Grianghraif i.e. Pas nó Ceadúnas Tiomána agus a cóip de Bhille Fóntais nó Litir Rialtais a eisíodh le sé mhí anuas chuig do sheoladh reatha.

Cuid 4 - Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil na sonraí go léir a thug mé san fhoirm seo fíor agus cruinn chomh fada agus is eol dom.

Síniú an Duine a bhfuil an iarraidh á déanamh aige/aici

Seoladh fillte (más éagsúil é seo ón seoladh reatha):

Dáta _____

Iarrtar ort an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh sa phost chuig:

**An tAonad Próiseála um Chosaint sonraí,
An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin,
Foirgnimh an Rialtais,
Lána Chnoc Fhiodh na gCaor,
Teampall Seanáin,
Inis Córthaidh,
Contae Loch Garman.
Y21 E924**

Nó ar ríomhphost chuig DataProtection@Garda.ie

Is féidir teacht ar bhreis faisnéise faoi Chosaint Sonraí ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Chosanta Sonraí – www.dataprotection.ie

Seicliosta

An bhfuil an méid seo a leanas déanta agat?:

1. An fhoirm Iarrata ar Rochtain ag Ábhar (SAR) comhlánaithe go hiomlán agat?
- TÁ/NÍL
2. An bhfuil an Dearbhú ar an bhfoirm SAR sínithe agat? - TÁ/NÍL
3. An bhfuil foirm bhailí d'Aitheantas Grianghraif curtha san áireamh agat?
- TÁ/NÍL
4. An bhfuil cóip curtha san áireamh agat de bhille fóntais nó litir Rialtais a seoladh chugat le déanaí? - TÁ/NÍL
5. An bhfuil litir thoilithe d'Atur nae curtha san áireamh agat (más infheidhme)?
- TÁ/NÍL

Ráiteas Príobháideachais

Caithfidh an Garda Síochána leis an bhfaisnéis agus na sonraí pearsanta go léir a sholáthraíonn tú go rúnda, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Is féidir teacht ar théacs iomlán Ráiteas Príobháideachais an Gharda Síochána ar ár láithreán gréasáin ag <https://www.garda.ie/en/privacy%20statement/>